

DREAM DE CHLANN NDONNCHADHA A MBÍODH IOU AR AN BPOTA ACA

Bhí pota aca agus marc ar an bpota agus ní chuirte aon bhlas níos ní b'airde ná an marc ar an bpota. Ba chuma cén mead daoine a bheadh a' fanacht le haghaidh béile ní bheadh ann ach an miosúr – go dtí an marc. Dream cruadh a bhí ionnta a bhí ag iarraidh tigheacht suas ar bheagán.

Nuair a thagadh strainséar isteach i gConamara fadó sé an chéad rud a d'fíafraigh sé cén sloinneadh a bhí ar an dream ba láidre san áit. Theigheadh sé féin ar an sloinneadh sin péibí sloinneadh a bhí ó cheart air, a ceapadh go mbeadh báidh aca dó.